



Ráitis Airgeadais

An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017



AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE

CLÁR ÁBHAR

LEATHANACH

Faisnéis Ghinearálta	3
Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Údaráis	4 - 9
Ráiteas faoi Rialú Inmheánach	10 - 13
Tuarascáil an Iniúcháir	14 - 15
Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim	16
Ráiteas faoin Staid Airgeadais	17
Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid	18
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	19 - 26



AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE

FAISNÉIS GHINEARÁLTA

Ceannoifig	An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine Foirgnimh na Mainistreach Bóthar na Mainistreach An Uaimh Co. na Mí C15 K7PY
Comhaltaí Boird	Geraldine Clarke (Cathaoirleach) Paul Mooney Edward Carey Martin Hanratty Patrick Davitt Josephine Henry Deirdre Fox Regina Terry Muiris Ó Céidigh Aideen Hayden Hilary Griffey
Feidhmeannach Sinsearach:	Maeve Hogan (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin)
Uimhir Theileafóin:	1890 252 712 (046) 903 3800
Uimhir Facs:	(046) 903 3888
Suíomh Gréasáin:	www.psr.ie
R-phost:	info@psr.ie
Iniúcháirí:	Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste 3A Sráid an Mhéara Uachtarach Baile Átha Cliath 1



AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN ÚDARÁIS

Rialachas

Bunaíodh Bord an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine faoin Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011. Tá feidhmeanna an Údaráis leagtha amach i gCuid 2, alt 10, den Acht seo. Tá an tÚdarás cuntasach don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú. Comhlíonann sé an cúram sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach saincheist thábhachtach ghnó. Is ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus ar an bhfoireann ardbhainistíochta atá an fhreagracht as an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine a bhainistiú, a rialú agus a threorú ar bhonn laethúil. Ní mór don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus don fhoireann ardbhainistíochta cloí leis an treo straitéiseach a leagann an tÚdarás síos agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta den Údarás ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas agus ar aon rioscaí suntasacha ar dóigh dóibh teacht chun cinn. Gníomhaíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin mar idirghabhálaí díreach idir an tÚdarás agus lucht bainistíochta an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá an obair a dhéanann an tÚdarás agus na freagrachtaí atá air leagtha amach san Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011, áit a bhfuil na hábhair atá forchoimeáda go sonrach dá gcinneadh ag an Údarás leagtha amach freisin. Áirítear iad seo a leanas leis na buanmhíreanna a bhreithníonn an tÚdarás:

- dearbhú leasanna,
- tuarascálacha ó na coistí,
- tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta,
- tuarascálacha feidhmíochta (Ráitis Straitéise),
- An Clár Riosca,
- Staitisticí.

Ceanlaítear le halt 22.2 den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011, ar an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead ar fad a fhaigheann sé agus a chaitheann sé a choimeád i cibé foirm a cheadóidh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú aige, ní mór don Údarás Rialála Seirbhísí Maoine:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin i gcás go bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh sé ag feidhmiú, agus
- a lua cé acu a leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha atá mínithe agus nochta sna ráitis airgeadais.

Tá an tÚdarás freagrach as taifid chúí chuntasaíochta a choinneáil, ina gcuirtear a staid airgeadais in iúl le cruinneas réasúnta ag am ar bith agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le halt 22.2 den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011. Is é an tÚdarás atá freagrach as cothabháil agus iomláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine.

Tá an tÚdarás freagrach as an bplean agus an buiséad bliantúil a cheadú. An 24 Eanáir 2017, rinneadh meastóireacht ar fheidhmíocht an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine i gcomparáid leis an bplean bliantúil agus leis an mbuiséad bliantúil.



AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN ÚDARÁIS

Tá an tÚdarás freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus, dá bhrí sin, as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Measann an tÚdarás go dtugtar léargas fírinneach cóir i ráitis airgeadais an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine ag an 31 Nollaig 2017.

Struchtúr an Údaráis

Cuimsíonn an tÚdarás Cathaoirleach agus deichniúr gnáthchomhaltaí, a gceapann an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais gach duine díobh. Ceapadh comhaltaí an Údaráis ar feadh tréimhse ceithre bliana agus tháinig siad le chéile cúig huair sa bhliain 2017. Sa tábla thíos, tugtar mionsonraí faoin tréimhse ceapacháin do na comhaltaí reatha:

Comhalta den Údarás	Ról	Dáta an Cheapacháin
Geraldine Clarke	Cathaoirleach	28/11/2016
Edward Carey	Comhalta	28/11/2016
Patrick Davitt	Comhalta	03/04/2015
Deirdre Fox	Comhalta	03/04/2015
Martin Hanratty	Comhalta	03/04/2015
Josephine Henry	Comhalta	03/04/2015
Paul Mooney	Comhalta	28/11/2016
Regina Terry		03/04/2015
Hilary Griffey		28/11/2016
Aideen Hayden		28/11/2016
Muiris Ó Céidigh		28/11/2016

Rinne an tÚdarás féinmheasúnú inmheánach Boird i mí na Nollag 2017. Tá an tÚdarás ag súil go ndéanfar athbhreithniú seachtrach sa bhliain 2018.

Bhunaigh an tÚdarás dhá choiste, is iad sin:

- An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca:** a chuimsíonn beirt chomhaltaí den Údarás agus beirt chomhaltaí neamhspleácha. Is é ról an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca tacú leis an Údarás maidir leis na freagrachtaí atá air i ndáil le riosca, le rialú agus rialachas agus le dearbhú gaolmhar. Tá an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca neamhspleách ar lucht bainistíochta airgeadais na heagraíochta. Go háirithe, cinntíonn an Coiste go ndéantar faireachán gníomhach neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúcháireachta. Tuairiscíonn an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca don Údarás tar éis gach cruinnithe.

Is iad seo comhaltaí an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca: Deirdre Fox (Cathaoirleach), Muiris Ó Céidigh, Theresa Carolan (neamhspleách) agus Myles O'Reilly (neamhspleách). Bhí trí chruinniú ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca sa bhliain 2017.



AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN ÚDARÁIS

2. Coiste an Chiste Cúitimh: a chuimsíonn triúr comhaltaí den Údarás.

Is iad seo a leanas comhaltaí Choiste an Chiste Cúitimh: An Dr Aideen Hayden, an Dr Muiris Ó Céidigh agus Hilary Griffey. Bhí trí chruinniú ag Coiste an Chiste Cúitimh sa bhliain 2017.

Sceideal Freastail, Táillí agus Speansas

Tá sceideal freastail ar na cruinnithe Boird agus Coiste sa bhliain 2017 leagtha amach thíos, lena n-áirítear na táillí agus na speansas a fuair gach comhalta den Údarás:

	Bord	Coiste an Chiste Cúitimh	An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca	Táillí 2017 €	Speansas 2017 €
	5	3	3		
Geraldine Clarke	5			8,978	-
Paul Mooney	4			5,985	-
Patrick Davitt	4			5,985	-
Edward Carey	5			5,985	-
Josephine Henry*	-			5,985	-
Deirdre Fox	5		3	5,985	-
Hilary Griffey	5	2		5,985	-
Aideen Hayden	5	3		5,985	-
Martin Hanratty	5			-	-
Regina Terry	4			-	-
Muiris Ó Céidigh	4	2	2	-	-
				50,873	-

Bhí triúr comhaltaí den Údarás ann nach bhfuair táillí Boird faoin bprionsabal ‘Duine Amháin, Tuarastal Amháin’. Ba iad sin: Martin Hanratty, Regina Terry agus Muiris Ó Céidigh.

* Bhí Josephine Henry Uasal as láthair ar saoire don bhliain 2017.



AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN ÚDARÁIS

Athruithe Príomhphearsanra

Ní raibh aon athruithe príomhphearsanra ann san Údarás Rialála Seirbhísí Maoine sa bhliain 2017.

An Nochtadh a Cheanglaítear leis an gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)

Tá an tÚdarás freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine ceanglais an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit (“an Cód”) arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Ceanglaítear an nochtadh seo a leanas leis an gCód:

Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

Déantar sochair gearrthéarmacha fostaithe ar fiú níos mó ná €60,000 iad a chatagóiriú sna bandaí seo a leanas:

Raon		Líon fostaithe	
Ó	Go	2017	2016
€ 60,000	- € 69,999	-	-
€ 70,000	- € 79,999	1	1
€ 80,000	- € 89,999	1	1

Tabhair faoi deara: Chun críocha an nochta seo, áirítear iad seo a leanas le sochair gearrthéarmacha fostaithe a íocadh i leith seirbhísí a soláthraíodh le linn na tréimhse tuairiscithe: tuarastal; liúntais ragoibre; agus íocaíochtaí eile a rinneadh thar ceann an fhostaí. Ní áirítear ÁSPC ón bhfostóir leo, áfach.



AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN ÚDARÁIS

Costais Chomhairleachta

Áirítear le costais chomhairleachta an costas ar chomhairle sheachtrach a chur ar an lucht bainistíochta. Ní áirítear leo an costas ar fheidhmeanna seachfhoinsithe ‘gnáthghnó’.

	2017	2016
	€	€
Comhairle dlí	44,714	43,646
Caidreamh poiblí/margaíocht	17,649	-
Costais chomhairleachta iomlána	62,363	43,646
Costais chomhairleachta a caipitlíodh	-	-
Costais chomhairleachta a muirearaíodh chuig Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim	62,363	43,646
Iomlán	62,363	43,646

Costais Dlí agus Socraíochtaí

Sa tábla thíos, tugtar miondealú ar shuimeanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe i dtaca le costais dlí, le socraíochtaí agus le himeachtaí réitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Ní áirítear leis caiteachas a tabhaíodh ar an gcomhairle dlí ghinearálta a fuair an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine. Tá an caiteachas sin ar áireamh sna costais Chomhairleachta thuas.

	2017	2016
	€	€
Táillí dlí – imeachtaí dlí	56,619	95,562
Íocaíochtaí réitigh agus eadrána	-	-
Socraíochtaí	-	-
Iomlán	56,619	95,562

Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Catagóirítear caiteachas taistil agus cothaithe mar a leanas:

	2017	2016
	€	€
Taisteal intíre		
- Bord	-	-
- Fostaithe	20,258	23,955
Taisteal Idirnáisiúnta		
- Bord	-	-
- Fostaithe	-	-
Iomlán	20,258	23,955

**AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE****RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN ÚDARÁIS****Caiteachas Fáilteachais**

Tá an caiteachas fáilteachais seo a leanas ar áireamh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais:

	2017	2016
	€	€
Fáilteachas foirne	353	624
Fáilteachas cliant	-	-
Iomlán	353	624

Ráiteas faoi Chomhlíonadh

Ghlac an tÚdarás an Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) agus chuir sé nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Chomhlíon an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine an Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit go hiomlán sa bhliain 2017.

Thar ceann Bhord an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine

Maeve Hogan Uasal, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin:

Dáta: 20/12/18

Geraldine Clarke Uasal, Cathaoirleach:

Dáta: 20/12/2018



AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE

RÁITEAS FAOI RIALÚ INMHEÁNACH

Raon Freagrachta

Thar ceann an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine, aithním an fhreagracht atá ar an Údarás as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú san Údarás. Agus an fhreagracht sin á comhlíonadh againn, tugtar aird ar cheanglais an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

Cuspóir an Ráitis faoi Rialú Inmheánach

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a choinneáil ar leibhéal inghlactha, seachas deireadh a chur leis. Dá bhrí sin, ní fhéadann an córas ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a chur ar fáil go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaráítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí agus go gcoisctear earráidí ábhartha agus mírialtachtaí nó go mbraítear iad ar bhealach tráthúil.

Bhí córas rialaithe inmheánaigh, atá ag teacht leis an treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm san Údarás Rialála Seirbhísí Maoine don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017 agus suas go dtí an dáta a ceadaíodh na ráitis airgeadais.

Na Rialuithe Inmheánacha atá i bhFeidhm

Is deimhin leis an Údarás go bhfuil na córais atá i bhfeidhm ag an Údarás réasúnta agus oiriúnach do chúinsí an Údaráis, agus aird á tabhairt ar a mhéid, ar a leibhéal caiteachais, ar a acmhainní foirne agus ar chineál a oibríochtaí. Ní thugann na córais dearbhú iomlán, agus ní féidir leis na córais dearbhú iomlán a thabhairt, nach ndéanfar earráidí ábhartha, áfach.

Ghlac an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine an Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe sa bhliain 2016.

Cumas le Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca ag an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine, rud a chuimsíonn beirt chomhaltaí den Údarás agus beirt chomhaltaí seachtracha. Tháinig an Coiste le chéile den chéad uair an 19 Aibreán 2017. Is deimhin liom, mar Chathaoirleach ar an Údarás, gur chuir an Coiste a ról i gcrích go héifeachtach sa bhliain 2017, agus trí chruinniú á dtionól aige lena linn.

Rinne an Bord an beartas bainistíochta riosca a athbhreithniú agus a chomhaontú, rud ina leagtar amach an fonn riosca atá air agus na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm aige.

Is é an tAonad Iniúcháireachta Inmheánaí sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais a chomhlíonann feidhm Iniúcháireachta Inmheánaí an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine faoi mhaoirseacht Choiste Iniúcháireachta Vóta 24 (Dlí agus Ceart agus Comhionannas). Is é ról Aonad Iniúcháireachta Inmheánaí na Roinne dearbhú neamhspleách a thabhairt don Oifigeach Cuntasafóchta ar a éifeachtaí atá na rialuithe inmheánacha atá i bhfeidhm ar fud an Vóta.

Déanann Aonad Iniúcháireachta Inmheánaí na Roinne iniúchtaí ar rialuithe airgeadais agus ar rialuithe eile san Údarás agus cuireann sé clár iniúchtaí i gcrích gach bliain.



AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE

RÁITEAS FAOI RIALÚ INMHEÁNACH

An Creat Riosca agus Rialaithe

Chuir an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine córas bainistíochta riosca chun feidhme, rud lena saináithnítear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí atá ann agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir é, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina leagtar amach na príomhrioscaí atá roimh an Údarás. Rinneadh na rioscaí sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú bunaithe ar a shuntasáí atá siad. Bíonn an clár á athbhreithniú agus á athrú chun dáta ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca, i gcomhairle leis an Lucht Ardbhainistíochta. Úsáidtear an toradh ar an obair sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh agus chun a chinntiú go gcoinnítear rioscaí ar leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chláir rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus ar an bhfreagracht a leagtar ar bhaill foirne shonracha as rialuithe a oibriú. Deimhníonn an tÚdarás go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di:

- taifeadh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis ghnó,
- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta, agus cuntasacht chomhfhreagrach ag gabháil leo,
- tá córas buiséadaithe cuí i bhfeidhm, rud lena ngabhann buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta,
- tá córais i bhfeidhm a bhfuil mar aidhm leo slándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú. Is í an Rannóg TFC sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais a sholáthraíonn seirbhísí TFC don Údarás Rialála Seirbhísí Maoine. Chuir sé ráiteas dearbhaithe ar fáil ina leagtar amach na próisis rialaithe a bhí i bhfeidhm sa bhliain 2017. Cuireann An Post córas iarratais cheadúnais ar líne ar fáil trí Licences.ie thar ceann an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine. Sa bhliain 2017, fuarthas doiciméad dearbhaithe ó An Post maidir le slándáil agus rialuithe an chórais atá i bhfeidhm.
- tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine a chosaint, agus
- tá nósanna imeachta rialaithe i bhfeidhm le haghaidh measúnú agus le haghaidh íocaíochtaí a dhéanamh ón gciste cúitimh.

Faireachán agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá Doiciméad Rialaithe Inmheánaigh i bhfeidhm ag an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine, rud ina saináithnítear na rioscaí atá os comhair an Údaráis, na rialuithe atá i bhfeidhm agus na nósanna imeachta tuairiscithe agus faireacháin a leantar.

Déanann an tÚdarás na mórchinntí straitéiseacha agus tagann sé le chéile ag eatraimh rialta chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar phleananna. Ní ghníomhaíonn an lucht bainistíochta feidhmiúcháin ach laistigh den údarás a tharmligeann an tÚdarás chuige le haghaidh éifeacht a thabhairt do bheartais agus do chinntí an Údaráis.

Rinneadh lámhleabhar mionsonraithe nós imeachta a chur le chéile agus a chur i bhfeidhm. Nuair is féidir, déantar dualgais foirne a dheighilt go cuí agus cur san áireamh á dhéanamh ar na rioscaí lena mbaineann agus ar an líon teoranta foirne.



AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE

RÁITEAS FAOI RIALÚ INMHEÁNACH

Deimhním go bhfuil na córais faireacháin leanúnaigh seo a leanas i bhfeidhm:

- Sainaithníodh príomhrioscaí agus príomhrialuithe agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a thuairisciú.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm maidir le gach cineál earra agus seirbhíse a cheannach, maidir le sonraisc a cheadú i ndáil le hearraí agus le seirbhísí agus maidir le híocaíocht a údarú i ndáil le hearraí agus le seirbhísí. Neartaíodh nósanna imeachta ina leith sin le linn na bliana trí mholtaí a tháinig as an tuarascáil iniúcháireachta inmheánaí a chur chun feidhme.
- Déanann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais ina gcuirtear an fheidhmíocht iarbhrí i gcomparáid leis an mbuiséad nó leis an bhfeidhmíocht thuartha.
- Tá nósanna imeachta an Údaráis maidir le rialú airgeadais agus rialuithe eile faoi réir athbhreithniú bliantúil ag an Aonad Iniúcháireachta Inmheánaí sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Déanann Coiste Iniúcháireachta na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais athbhreithniú ar obair an Aonaid Iniúcháireachta Inmheánaí.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal mar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.

Dearbhuithe

TFC

Baineann an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine leas as an tseirbhís chomhroinnte tacaíochta TFC ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Tá Comhaontú Seirbhíse ar bun idir an tÚdarás agus an Roinn i dtaca leis an tseirbhís TFC agus tá socruithe i bhfeidhm chun córais an Údaráis a chúltacú. Choimisiúnaigh an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais athbhreithniú neamhspleách ar an tseirbhís agus táthar ag feitheamh le tuarascáil agus fionnachtana an athbhreithnithe. Chuir an tAonad TF sa Roinn doiciméad dearbhaithe ar fáil maidir leis na rialuithe atá i bhfeidhm.

Cuireann An Post córas iarratais cheadúnais ar líne ar fáil trí Licences.ie thar ceann an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine. Cuireadh go mór lena éifeachtaí atá an próiseas athnuachana ceadúnais a bhuí leis an gcóras ar líne sin agus tá sé beartaithe tuilleadh forbairtí a dhéanamh air. Sa bhliain 2017, iarradh agus fuarthas doiciméad dearbhaithe ó An Post maidir le slándáil agus rialuithe an chórais atá i bhfeidhm. Tá an tÚdarás ag obair ar Chomhaontú Seirbhíse a fhorbairt le An Post i dtaca le Licences.ie faoi láthair chomh maith.

Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais

Baineann an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine leas as seirbhísí comhroinnte airgeadais ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Fuarthas litir dearbhaithe ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir le rialuithe sa soláthar seirbhísí comhroinnte.

Baineann an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine leas as seirbhísí comhroinnte ón Ionad Seirbhísí Comhroinnte Párola faoin Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe freisin. Tá an tseirbhís sin cumhdaithe faoi Chomhaontú Seirbhíse atá ar bun idir an tIonad agus an Roinn.

Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine chun a chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirínte reatha maidir le soláthar agus gur chomhlíon an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine na nósanna imeachta sin sa bhliain 2017.



AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE

RÁITEAS FAOI RIALÚ INMHEÁNACH

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Údarás Rialála Seirbhísí Maoine atá freagrach as an gceat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil, déanann siad eolas d'fhaireachán agus athbhreithniú an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Deimhním gur thug an tÚdarás faoi athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2017. Is deimhin leis an Údarás, a mhéid is féidir, gur córais éifeachtacha iad na córais rialaithe inmheánaigh airgeadais a bunaíodh agus a cuireadh chun feidhme san Údarás Rialála Seirbhísí Maoine don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2017.

Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Nochtadh Sonraí faoi Chásanna ina raibh Sáruithe Rialaithe ann.

Níor sainaithníodh i rialuithe inmheánacha i dtaca leis an mbliain 2017 aon laigí is gá a nochtadh sna ráitis airgeadais.

Nochtadh Sonraí faoi Chailteanais Ábhartha nó faoi Chalaois

Níl aon ábhair chalaoise le tuairisciú don bhliain 2017.

Maeve Hogan Uasal, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin:

Dáta: 20/12/18

Geraldine Clarke Uasal, Cathaoirleach:

Dáta: 20/12/2018



AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE

DEIMHNIÚ AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

Tuarascáil lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017 mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 22 den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011. Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta díobh seo:

- an ráiteas faoi ioncam agus caiteachas agus cúlchistí coinnithe ioncaim
- an ráiteas faoin staid airgeadais
- an ráiteas faoi shreabhadh airgid agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasáíochta.

I mo thuairim, tugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine amhail an 31 Nollaig 2017 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don bhliain 2017 de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 – *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*.

Bunús na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúcháireachta. Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin. Táim neamhspleách ar an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine agus chomhlíon mé na freagrachtaí eiticiúla eile atá orm de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé chun bonn a thabhairt do mo thuairim.

Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais agus ar ábhair eile

Chuir an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine faisnéis áirithe eile i láthair i dteannta na ráiteas airgeadais. Cuimsíonn an fhaisnéis sin an ráiteas rialachais, tuarascáil chomhaltaí an Údarás, agus an ráiteas faoi rialú inmheánach. Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm tuairisc a thabhairt ar fhaisnéis den sórt sin agus ar ábhair áirithe eile ar a dtuairiscím trí eisceacht.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Maureen Mulligan
Le haghaidh agus thar ceann
an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

21 Nollaig 2018



Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí Chomhaltaí an Údaráis

Leagtar freagrachtaí chomhaltaí an Údaráis amach sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil chomhaltaí an Údaráis. Tá comhaltaí an Údaráis freagrach as

- na ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 22 den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011
- a chinntiú go dtugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais de réir FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- a mheas cé acu is cuí nó nach cuí bunús gnóthais leantaigh na cuntasáíochta a úsáid, agus
- an rialú inmheánach sin a mheasann siad a bheith riachtanach chun ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíríteas ábhartha, bíodh calaóis nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 22 den Acht ráitis airgeadais an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine a iniúchadh agus tuairisciú orthu do Thithe an Oireachtais.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíríteas ábhartha, bíodh calaóis nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaóis nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán go bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnach go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíochta a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais sin.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais de bharr calaíse nó earráide; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bonn a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithe míráiteas ábhartha de bharr calaíse ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaóis.
- Gnóthaím tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá cuí sna cúinsí, seachas chun tuairim a chur in iúl ar a éifeachtaí atá na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim meastóireacht ar a chuí atá na beartais chuntasaíochta a úsáideadh agus ar a réasúnaí atá na meastacháin chuntasaíochta agus an nochtadh gaolmhar.
- Déanaim cinneadh ar a chuí atá sé bunús gnóthais leantaigh na cuntasáíochta a úsáid agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, déanaim cinneadh ar cé acu is ann nó nach ann d'éiginnteacht ábhartha a bhaineann le heachtraí nó dálaí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar an gcumas atá ag an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine leanúint de bheith ag feidmiú mar ghnóthas leantach. Má chinneim gurb ann d'éiginnteacht ábhartha, ceanglaítear orm aird a tharraingt i mo tuarascáil ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, i gcás nach leor an nochtadh sin, ceanglaítear orm mo thuairim a athrú. Tá mo chinntí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas go dáta mo thuarascála. Mar sin féin, d'fhéadfadh eachtraí nó dálaí amach anseo a chur faoi deara go scoirfeadh an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine de bheith ag feidmiú mar ghnóthas leantach.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus ar cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear na hidirbhearta agus na heachtraí bunúsacha i láthair ar bhealach cóir sna ráitis airgeadais.

Téim i dteagmháil leo sin a bhfuil freagrachtaí rialachais orthu as raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus as fionnachtana suntasacha iniúchta, lena n-áirítear aon easnamh shuntasacha ar an rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile atá curtha i láthair sna ráitis airgeadais sin, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na Caighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh go bhfuil an fhaisnéis eile neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó go bhfuil an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha ar an bhfaisnéis eile sin, ceanglaítear orm an fóras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na cúinsí speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú. Tuairiscim i gcás go bhfuil ábhair ábhartha ann a bhaineann leis an dóigh ar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Tuairiscim i gcás go bhfuil aon chásanna ábhartha ann nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe iontu nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú iontu.

Tuairiscim trí eisceacht freisin sa chás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.



AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE

RÁITEAS FAOI IONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS CÚLCHISTÍ COINNITHE
IONCAIM DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2017

Ioncam	Nótaí	2017 €	2016 €
Deontas ón Oireachtas	2	1,869,904	1,694,560
Acmhainní Dílse	3	2,280,348	2,303,449
Ioncam Iomlán		4,150,252	3,998,009
Caiteachas			
Costais foirne	4	1,000,466	1,032,263
Riarachán, Oibríochtaí agus Cur Chun Cinn	5	938,880	638,928
Táille Iniúchóireachta		12,000	16,500
Dímheas	6	50,782	18,767
Caiteachas Iomlán		2,002,128	1,706,458
Barrachas don bhliain roimh leithreasuithe		2,148,124	2,291,551
Aistriú ón gCuntas Caipitil	7	50,782	18,767
Arna íoc leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais		(2,250,000)	(2,260,000)
(Easnamh)/ Barrachas don bhliain tar éis Leithreasuithe		(51,094)	50,318
Barrachas a tugadh ar aghaidh ag an 1 Eanáir		125,445	75,127
Barrachas a tugadh ar aghaidh ag an 31 Nollaig		74,351	125,445

Áirítear leis an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim na gnóthachain agus na cailleanais uile a aithníodh sa bhliain. Tá an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 17 mar chuid dhílis de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Bhord an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine

Maeve Hogan Uasal, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin:

Dáta: 20/12/18

Geraldine Clarke Uasal, Cathaoirleach:

Dáta: 20/12/2018



AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE

RÁITEAS FAOIN STAID AIRGEADAIS
AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2017

	Nótaí	2017 €	2016 €
Sócmhainní Seasta			
Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh	6	233,348	201,868
Sócmhainní Reatha			
Airgead agus Coibhéisí Airgid		89,952	93,197
Fardal	8	20,149	14,827
Suimeanna infhaighte agus réamhíocaíochtaí	9	27,613	61,918
		137,714	169,942
Dliteanais reatha			
Suimeanna iníoctha agus fabhruithe	10	63,363	44,497
Glansócmhainní Reatha		74,351	125,445
Iomlán na nGlansócmhainní		307,699	327,313
Ionadaithe ag			
Cuntas Caipitil	7	233,348	201,868
Cúlchistí coinnithe ioncaim		74,351	125,445
		307,699	327,313

Tá an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 17 mar chuid dhílis de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Bhord an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine

Maeve Hogan

Maeve Hogan Uasal,
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin:

Dáta: 20/12/18

Geraldine Clarke

Geraldine Clarke Uasal, Cathaoirleach:

Dáta: 20/12/2018



AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE
RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2017

Glansreabhabh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	2017	2016
	€	€
(Easnamh)/ barrachas oibriúcháin don bhliain	(51,094)	50,318
Dímheas réadmhaoine, gléasra agus trealaimh	50,782	18,767
Glanaistriú chuig an gcuntas caipitil	31,480	181,662
(Méadú)/ Laghdú ar fhardal	(5,322)	2,350
Laghdú/(Méadú) ar shuimeanna infhaighte agus ar réamhíocaíochtaí	34,305	(47,605)
Méadú/(Laghdú) ar shuimeanna iníoctha agus fabhruithe	18,866	10,384
	<hr/>	<hr/>
Glan-insreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	79,017	215,876
Sreabhabh Airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta		
Íocaíochtaí chun réadmhaoine, gléasra agus trealamh a cheannach	(82,262)	(200,429)
(Laghdú)/ Méadú ar Airgead agus ar Choibhéisí Airgid	(3,245)	15,447
	<hr/>	<hr/>
Ráiteas faoi athruithe i nglanchistí		
Glanchistí ag an 1 Eanáir 2017	93,197	77,750
Glanchistí ag an 31 Nollaig 2017	89,952	93,197
(Glanlaghdú)/Glanbharrachas ar airgead agus ar choibhéisí airgid	(3,245)	15,447
	<hr/>	<hr/>

Tá nótaí 1 go 17 mar chuid dhílis de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Bhord an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine

Maeve Hogan Uasal, Príomhoifigeach
Feidhmiúcháin:

Dáta: 20/12/18

Geraldine Clarke Uasal, Cathaoirleach:

Dáta: 20/12/2018



AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2017

1. Beartais Chuntasaíochta

a) Tá an bunús cuntasaíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta ar ghlac an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine iad leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad go léir ar fud na bliana agus don bhliain roimhe.

b) Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine faoin Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011, agus tá a cheannoifig lonnaithe ag Foirgnimh na Mainistreach, Bóthar na Mainistreach, an Uaimh, Co. na Mí, C15 K7PY. Is mar a leanas atá príomhchuspóirí an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine mar a leagtar amach in alt 11 den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011:

- Ceadúnais a eisiúint agus a athnuachan;
- An Clár Ceadúnaithe a bhunú agus a chothabháil;
- Ceanglais cháilíochta agus ceanglais eile a shonrú agus a fhorfheidhmiú;
- Caighdeáin a shonrú agus a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear caighdeáin theicniúla agus caighdeáin chuí eiticiúla;
- An Ciste a bhunú, a chothabháil agus a riaradh;
- Córas um cheadúnaithe a imscrúdú a bhunú agus a riar;
- Mion-smachtbhannaí nó mór-smachtbhannaí a fhorchur ar cheadúnaithe;
- Iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte chun forchur mór-smachtbhannaí ar cheadúnaithe a dhaingniú;
- Feasacht an phobail a chur chun cinn agus faisnéis a scaipeadh ar an bpobal i ndáil le seirbhísí maoine;
- Spreagadh chun Cóid Chleachtais a fhorbairt agus a ghlacadh;
- An tAire a choimeád ar an eolas faoi fhorbairtí i leith seirbhísí maoine a sholáthar ag ceadúnaithe agus cuidiú leis an Aire chun beartas a chomhordú agus a fhorbairt ina leith sin;
- Sonraí maidir le praghsanna díolta maoine cónaithe a chothabháil agus a fhoilsiú;
- An Bunachar Sonraí Léasanna Tráchtála a bhunú agus a chothabháil; agus
- Aon fheidhmeanna eile a thugtar dó le haon fhoráil eile den Acht nó aon achtachán eile nó le rialacháin arna ndéanamh faoin Acht nó aon achtachán eile a chomhlíonadh.

Is Eintiteas Leasa Phoiblí é an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine.

c) **Ráiteas faoi Chomhlíonadh agus an bunús cuntasaíochta**

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017 de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC) agus arna fhógairt ag Cuntasóirí Cairte Éireann. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi mhodh fabhrúithe na cuntasaíochta, ach amháin nuair atá sonraithe thíos, agus de réir an chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh leis faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus san fhoirm arna ceadú ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais le toiliú an Aire Cateachais Phoiblí agus Athchóirithe.



AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2017

d) Ioncam

Déantar ioncam deontais ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus ioncam táillí ceadúnas a thuairisciú ar bhonn fáltais airgid. Aithnítear ioncam táillí ceadúnas nuair a fhaightear iarratas ar cheadúnas. Déantar ioncam táillí ceadúnas a íoc leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar bhonn ráithiúil. Déantar é a thaifeadadh mar leithreasáí i gcabhair i gcuntais na Roinne. Coimeádann an tÚdarás iarmhéid ina chuntais le haghaidh táillí a aisíoc.

Ceanglaítear ar an Údarás le halt 77(1) den Acht ciste ar a dtabharfar an Ciste Cúitimh um Sheirbhísí Maoine a bhunú, a riar agus a choimeád. Déantar cuntais an Chiste a ullmhú agus a iniúchadh ar leithligh de réir Sceideal 6 leis an Acht.

e) Caiteachas

Is é Ionad Seirbhísí Comhroinnte Párolla na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a phróiseálann an párolla agus taifeadtar é sna ráitis airgeadais ar bhonn íocaíochtaí airgid.

Tá gach ball d'fhoireann an Údaráis ar iasacht ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Íocfar dliteanais phinsin na mball foirne sin as Vóta 12 - Aoisliúntas agus ní dhearnadh soláthar ar bith sna ráitis airgeadais seo maidir leis na costais sin.

f) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

Léirítear réadmhaoin, gléasra agus trealamh de réir a nglanluacha leabhar tráth a n-aistrithe chuig an Údarás.

Déantar réadmhaoin, gléasra agus trealamh a dhímheas de réir méid cothrom thar a saolré úsáideach mheasta dar tosach an mhí ina gcuirtear an tsócmhainn lena mbaineann i seirbhís.

Troscán	Méid Cothrom 10%
Crua-earraí agus Bogearraí TF	Méid Cothrom 20%
Trealamh Oifige	Méid Cothrom 20%

g) Cuntas Caipitil

Léirítear sa chuntas caipitil luach neamhamúchta an ioncaim a cuireadh i bhfeidhm chun críche caiteachas caipitil.

h) Sochair Fostaithe

Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar chostas sa bhliain agus cuirtear sochair atá fabhráithe ag deireadh na bliana ar áireamh sna figiúirí caiteachais sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais.

Sochair Scoir

Tá fostaithe an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine ina státseirbhísigh agus is baill iad de scéim sochair shainithe atá neamhchistithe agus a riarann an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe í.



AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2017

h) Sochair Fostaithe (ar lean)

Tháinig an tAcht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, isteach sa dlí an 28 Iúil 2012 agus, leis sin, tugadh isteach an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair nua ('an Scéim Aonair'), a tháinig in éifeacht ón 1 Eanáir 2013. Na baill foirne nua go léir a thagann isteach san Údarás Rialála Seirbhísí Maoine an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh, agus atá ina n-iontrálaithe san Earnáil Phoiblí, is baill iad den Scéim Aonair.

Níl aon mhuirear ann sna ráitis airgeadais seo as aon dliteanais a d'fhéadfadh teacht chun cinn i leith shochair scoir an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine.

2 Deontas ón Oireachtas	2017 €	2016 €
Fo-mhírcheann A10 de Vóta 24 – Dlí agus Ceart agus Comhionannas	1,869,904	1,694,560

Is í an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais a chuireann cistiú ar fáil don Údarás agus a dhéanann gach íocaíocht thar a cheann. Is ionann an deontas iomlán agus an tsuim a muirearaíodh chuig Cuntas Leithreasa na Roinne sin.

De bhreis ar an Deontas ón Oireachtas, cuireadh €82,262 ar fáil don Údarás chun críocha caiteachas caipitil ar cheadúnú ar líne a chur chun feidhme.

3 Acmhainní Dílse

	2017 €	2016 €
Ioncam táillí ceadúnas arna fháil	2,354,003	2,389,952
Lúide aisíocaíochtaí	(73,655)	(102,350)
Ioncam Ilghnéitheach	-	15,847
Ioncam iomlán	2,280,348	2,303,449

Ní mór do cheantálaithe, do ghníomhairí eastáit, do ghníomhairí ligin agus do ghníomhairí bainistíochta maoine a bheith ceadúnaithe agus rialáilte ag an Údarás. Íoctar táillí ceadúnas ar bhonn bliantúil. I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a tugadh dó le halt 95 den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011 le toiliú an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, rinne an tÚdarás rialacháin a tháinig i bhfeidhm an 30 Bealtaine 2012. Sna Rialacháin fán Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) (Ceadúnú), 2011, 2012, leagtar amach an táille atá le gearradh as ceadúnas a eisiúint nó a athnuachan: fostóir seirbhísí maoine - €1,000, conraitheoir neamhspleách - €1,000, agus príomhoifigeach nó fostaí - €100.



AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2017

4 Costais Foirne

	2017	2016
	€	€
Pá agus tuarastail	980,208	1,008,308
Taisteal agus cothú	20,258	23,955
Iomlán	1,000,466	1,032,263

D'fhostaigh an tÚdarás 21.8 ball foirne coibhéise lánaimseartha sa bhliain 2017 (2016: 18.3) agus 8 ball foirne sealadach sa bhliain 2017 (2016: 10).

Ní raibh aon ró-íocaíochtaí tuarastail ann ag an 31 Nollaig 2017 ná ag an 31 Nollaig 2016.

Miondealú ar Shochair Fostaithe

Raon na Sochar Fostaithe Iomlán		Líon Fostaithe	
Ó	Go	2017	2016
€70,000	€79,999	1	1
€80,000	€89,999	1	1

5 Riarachán, Oibríochtaí agus Cur Chun Cinn

	2017	2016
	€	€
Táillí comhaltaí boird	50,873	28,928
Postas agus teileachumarsáid	88,902	49,919
Trealamh oifige agus soláthairtí oifige eile	29,325	45,106
Glantachán agus cothabháil oifigí	7,184	7,606
Solas agus Teas	12,556	12,025
Táillí dlí	101,332	139,208
Margaíocht agus Cur Chun Cinn	116,659	63,644
Táillí Imscrúduithe	469,184	240,453
Táillí bainc agus ceadúnúcháin	33,593	28,001
Foilseacháin agus Tuarascálacha	1,940	-
Costais ghinearálta	17,630	14,797
Táillí cuntasáíochta	9,702	9,241
	938,880	638,928



AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2017**

6 Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

	TF	Trealamh Oifige	Troscán	Iomlán
	€	€	€	€
Costas				
Ag an 1 Eanáir 2017	215,965	2,950	17,624	236,539
Breiseanna	82,262	-	-	82,262
Diúscairtí				
Ag an 31 Nollaig 2017	<u>298,227</u>	<u>2,950</u>	<u>17,624</u>	<u>318,801</u>
Dímheas Carntha				
Ag an 1 Eanáir 2017	27,555	2,950	4,166	34,671
Arna mhuirearú sa bhliain	49,183	-	1,599	50,782
Diúscairtí				
Ag an 31 Nollaig 2017	<u>76,738</u>	<u>2,950</u>	<u>5,765</u>	<u>85,453</u>
Glanluach Leabhar				
Ag an 31 Nollaig 2017	<u>221,490</u>	<u>-</u>	<u>11,859</u>	<u>233,348</u>
Ag an 31 Nollaig 2016	<u>188,410</u>	<u>-</u>	<u>13,458</u>	<u>201,868</u>

7 Cuntas Caipitil

	2017	2016
	€	€
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	201,868	20,206
Amúchadh de réir dímheasa	(50,782)	(18,767)
Breiseanna	82,262	200,429
	<u>233,348</u>	<u>201,868</u>



AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE
NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2017

8 Fardal

	2017	2016
	€	€
Páipéarachas	19,055	11,419
Fótachóipeáil / TF	738	2,567
Ilghnéitheach	356	841
	<u>20,149</u>	<u>14,827</u>

9 Suimeanna Infhaighte agus Réamhíocaíochtaí

	2017	2016
	€	€
Réamhíocaíochtaí	27,613	61,918
	<u>27,613</u>	<u>61,918</u>

Tá na suimeanna infhaighte go léir dlite laistigh de bhliain amháin.

10 Suimeanna Iníoctha agus Fabhruithe

	2017	2016
	€	€
Fabhruithe	63,363	44,497
	<u>63,363</u>	<u>44,497</u>

Tá téarmaí na bhfabhruithe bunaithe ar na conarthaí bunúsacha.

11 Tobhach Pinsin

Is ionann na costais tuarastail sa chuntas seo agus na hollchostais don Údarás don tréimhse. Is í an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais a íocann tuarastail thar ceann an Údaráis. Déanann an Roinn asbhaintí tobhach phinsin, de réir alt 2(3) den Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail 2009 (Uimh. 5 de 2009), agus coinnítear iad mar Leithreasáí i gCabhair don Roinn sin.

12 Áitreabh

Tá ceannoifig an Údaráis lonnaithe i bhFoirgnimh na Mainistreach, Bóthar na Mainistreach, an Uaimh, Co. na Mí, C15 K7PY. Imscrúdaítear gearáin in oifig i gCearnóg an Easpais, Baile Átha Cliath, D02 TD99. Cuireann Oifig na nOibreacha Poiblí an dá oifig ar fáil saor in aisce.



AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2017

13 Luach Saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

B'ionann luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017 agus €85,677 (€83,151 sa bhliain 2016). Rinneadh íocaíochtaí Taistil agus Cothaithe a bhí cothrom le €4,660 (€6,920 sa bhliain 2016) leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, i gcomhréir le rátaí Státseirbhíse.

Ní théann teidlíochtaí pinsin an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin thar na teidlíochtaí caighdeánacha i scéim aoisliúntais sochair shainithe na hearnála poiblí. Ní dhearnadh íocaíochtaí feidhmíochta ar bith leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin sa bhliain 2017.

14 Táillí Comhaltaí Boird

Bunaíodh Bord an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine an 3 Aibreán 2012. Íocadh táillí de €28,928 sa bhliain 2016 agus táillí de €50,873 sa bhliain 2017 le comhaltaí Boird an Údaráis mar a leanas:

Comhalta Boird	2017	2016
	€	€
Geraldine Clarke (Cathaoirleach)	8,978	2,993
Paul Mooney	5,985	1,995
Edward Carey	5,985	1,995
Patrick Davitt	5,985	5,985
Josephine Henry	5,985	5,985
Deirdre Fox	5,985	5,985
Myles O'Reilly	-	1,496
James Doorley	-	1,496
Hilary Griffey	5,985	499
Aideen Hayden	5,985	499
	<u>50,873</u>	<u>28,928</u>

15 Dliteanais Theagmhasacha

Tá baint ag an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine le roinnt cásanna dlí ag deireadh na bliana airgeadais. Níl an tÚdarás in ann tionchar féideartha airgeadais na gcásanna sin a mheas go cruinn.



AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2017

16 Idirbhearta Páirtí Ghaolmhair/ Nochtadh Leasa

I measc an phríomhphearsanra bainistíochta tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus comhaltaí an Údaráis. B'ionann agus €136,550 (2016: €112,079) an cúiteamh iomlán a íocadh le príomhphearsanra bainistíochta, lenar áiríodh táillí chomhaltaí an Údaráis agus luach saothair iomlán an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin (Nótaí 13 agus 14).

Comhlíonann an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine an Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit arna eisiúint ag an Roinn Airgeadais i dtaca le nochtadh leasa ag comhaltaí agus baill foirne an Údaráis. Tá nósanna imeachta foirmiúla ann chun a chinntiú go gcloítear leis an gceanglas sin de chuid an chóid. Ní raibh aon idirbhearta páirtí ghaolmhair ann sa bhliain 2017.

17 Ceadú na ráiteas airgeadais

Cheadaigh Bord an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine na cuntais seo an 20/12/18.

Michael W. Chapman
Chairperson